

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2025

Meitheamh 2026



An Clár Ábhar

1. Brollach an Chathaoirligh	2
2. Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh	4
3. Comhaltaí an Choimisiúin	6
4. Fís agus Luachanna	7
5. Tosaíochtaí Straitéiseacha	9
6. Buaicphointí 2025	10
7. Tosaíocht Straitéiseach a hAon – Imeachtaí Toghcháin	12
Athbhreithnithe i ndiaidh Imeacht Toghcháin	12
Feachtais Chumarsáide agus Rannpháirtíocht an Phobail	14
8. Tosaíocht Straitéiseach a Dó – Forbairt Cumais agus Inniúlachta	28
Buaicphointí 2025	29
Foghlaim agus Forbairt	30
Cultúr agus Rannpháirtíocht	33
9. Tosaíocht Straitéiseach a Trí – Oideachas agus Rannpháirteachas Gníomhach	34
Straitéis Oideachais agus Rannpháirtíocht an Phobail a Fhorbairt	36
Aimsigh Mo Dháilcheantar	37
Rannpháirtíochtaí Scoile	38
Forbairt Acmhainní Inrochtana	39
10. Tosaíocht Straitéiseach a Ceathair – Taighde	40
Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais	42
11. Tosaíocht Straitéiseach a Cúig – Formhaoirseacht ar Chláir na dToghthóirí	44
12. Sláine Toghcháin	48
Fógraíocht Pholaitiúil	49
13. Clár na bPáirtithe Polaitíochta	50
14. Rannpháirtíocht agus Comhar Idirnáisiúnta	53
15. Rialachas agus Comhlíonadh	54
Rialachas Corparáideach	54
Faisnéis Airgeadais	58
Cruinnithe Coimisiúin agus Freastal	63
Comhaltaí an Choimisiúin Táillí agus Speansais	64

1. Brollach an Chathaoirligh



Mar Chathaoirleach an Choimisiúin Toghcháin, coimisiún neamhspleách toghcháin na hÉireann, is údar áthais dom an Tuarascáil Bhliantúil seo a chur i láthair, ina dtugtar forléargas ar ár gcuid gníomhaíochtaí in 2025, dhá bhliain ó bunaíodh sinn in 2023.

Chruthaigh toghchán an Uachtaráin i mí Dheireadh Fómhair deiseanna don Choimisiún chun labhairt go díreach leis an bpobal ar bhealaí nua agus in áiteanna nua faoinár ndaonlathas agus an tábhacht a bhaineann le cion gach duine agus mar a gcomhairtear iad. Bhí dúshlán nua ag baint leis an bhfeachtas freisin dár ról chun a chinntiú gur thuig an lucht vótála a roghanna, agus freisin mar go raibh orainn déileáil le hiarracht bunaithe ar IS vótálaithe a chur ar míthreoir.

Ón gcéad chomhpháirtíocht dá leithéid ag an Electric Picnic go láithreach spleodar ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, go freastal ar champais ag dosaen seachtainí na bhfreisear in ollscoileanna agus coláistí, agus dul go scoileanna agus seomraí ranga, d'fhéach an Coimisiún le dul chuig pé áit a bhfuil an pobal, clárú vótálaithe a mhéadú, eolas díreach a thabhairt faoi bheith rannpháirteach, agus a bheith ar fáil chun ceisteanna a fhreagairt go pearsanta. Is mór ag an gCoimisiún freisin gur cuireadh feachtas i gcrích a chuir le 60,733 iarratas ó vótálaithe nua agus 30,424 iarratas chun clárúcháin a thabhairt cothrom le dáta idir deireadh mhí Lúnasa agus tús mhí Dheireadh Fómhair.

Seoladh an Tuarascáil Formhaoirseachta ar Chláir na dToghthóirí i mí na Bealtaine 2025, an chéad athbhreithniú fóirínseach ar staid an 31 clár ar leith, agus tugadh faoi i ngach údarás áitiúil. Leis an obair sin, leagamar tagarmharc faoin gcaoi a mbearaímid tabhairt faoinár ról reachtúil chun formhaoirseacht a dhéanamh ar chláir toghthóirí na hÉireann. Tá sé de chuspóir againn cruinneas agus iomláine mhéadaithe ar gach clár a fheiceáil agus go ndéanfaí sin go práinneach.

Tá an Coimisiún Toghcháin ag leathnú chun ceanglais ár bhfeidhmeanna reachtúla agus rialála a mheaitseáil. Táimid ag féachaint chun cinn anois chuig an gcéad timthriall toghcháin eile agus muid in ann tairbhe a bhaint as taithí shuntasach, i dteannta ár gclár taighde agus straitéis oideachais agus rannpháirtíocht an phobail atá á forbairt.

Mar Chathaoirleach, ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a chur in iúl do chomhaltaí agus d'fhoireann uile an Choimisiúin as a ndúthracht, a dtiomantas agus a ndíograis spreagtha ar mhaithe le daonlathas na hÉireann. Molaim an tuarascáil seo agus í á

cur faoi bhráid an léitheora agus tá súil agam go gcothaítear cuid den dóchas agus spreagadh agus go léirítear an chaoi a n-oibrímid agus a leanfaimid orainn ag obair chun vóta an phobail agus an daonlathas a neartú inár dtír.

An Breitheamh Onórach Marie Baker

An Cathaoirleach
An Coimisiún Toghcháin

2. Réamhrá an Phríomh- fheidhmeannaigh



Agus mé ag machnamh ar 2025, is údar bróid dom Tuarascáil Bhliantúil Choimisiún Toghcháin na hÉireann a chur i láthair.

Ba bhliain í raibh fás, comhdhlúthú agus seachadadh leanúnach dár n-eagraíocht. Ó bunaíodh muid mar choimisiún toghcháin neamhspleách na hÉireann in 2023, táimid ag obair chun iontaoibh an phobail as an daonlathas a neartú, rannpháirteachas i dtoghcháin a spreagadh, agus a chinntiú go bhfanann próisis toghcháin na hÉireann trédhearcach, inrochtana agus athléimneach. I gcaitheamh 2025, leanamar orainn ag cur leis an mbunús sin agus, ag an am céanna, ag cur lenár misean chun córas daonlathach na hÉireann a chosaint agus a fheabhsú.

Braitheann an daonlathas ar iontaoibh an phobail. Caithfidh muinín a bheith ag gach saoránach go riartar toghcháin agus reifrinn go cothrom, go bhfuil faisnéis inrochtana agus iontaofa, agus go bhfuil an deis ag gach vótálaí incháilithe páirt a ghlacadh ann. I ré ina bhfuil dúshlán shuntasacha roimh institiúidí daonlathacha ar fud an domhain, tá obair an Choimisiúin Toghcháin níos tábhachtaí ná riamh.

I rith na bliana, leanamar orainn ag comhlíonadh ár bhfeidhmeanna reachtúla i raon leathan réimsí. Neartaíomar formhaoirseacht ar phróisis toghcháin agus nuachóiriú chlár na dtoghthóirí le moltaí a chuirfidh le hiontaoibh an phobail as an daonlathas sa tír seo má chuirtear i bhfeidhm iad. Choimeádamar Clár na bPáirtithe Polaitíochta, agus leanamar lenár gclár taighde ar rannpháirteachas i dtoghcháin agus ar rannpháirtíocht dhaonlathach. Chomh maith leis sin, leathnaíomar ár ngníomhaíochtaí oideachais vótálaithe agus feasachta poiblí, lena n-áirítear le linn fheachtas thoghchán an uachtaráin, rud a chinntíonn go bhfuil fáil ag saoránaigh ar fhaisnéis shoiléir, neamhchlaonta agus inrochtana faoi chóras toghcháin na hÉireann agus go spreagtar iad chun vótáil ar lá na vótála.

Ba phríomhthosaíocht i rith 2025 tuiscint an phobail ar an daonlathas a dhoimhniú agus rannpháirteachas a spreagadh i measc gach cuid den tsochaí. Le nuálaíochtaí nua ar nós na comhpháirtíochta le Electric Picnic, freastal ar an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, agus úsáid cruthaitheoirí inneachair, rinneamar iarracht dul i gcion ar phobail a bhí faoi ghannionadaíocht go traidisiúnta i bpróisis dhaonlathacha. Neartaigh ár gcuid oibre teachtaireacht shimplí ach chumhachtach: tá tábhacht le gach vóta, agus tá éisteacht tuillte ag gach guth.

Tá taighde agus fianaise fós lárnach dár gcur chuige. I rith na bliana, leanamar orainn ag forbairt ár gclár taighde agus, leis an Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais (NEDS), neartaíomar ár dtuiscint ar iompar vótálaithe, ar dhearchtaí an phobail agus ar dhúshlán atá ag teacht chun cinn maidir le rannpháirteachas daonlathach. Cuireann an obair sin ar ár gcumas moltaí eolacha a dhéanamh agus cur go cuiditheach leis an gcur agus cúiteamh náisiúnta ar athchóiriú toghcháin.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thiomantas agus do ghairmiúlacht chomhaltaí agus fhoireann an Choimisiúin, a bhfuil a saineolas agus a ndúthracht tar éis cur ar ár gcumas clár oibre uailmhianach a chur i gcrích. Is mian liom buíochas a ghabháil freisin lenár bpáirtithe leasmhara iomadúla, lena n-áirítear údarais áitiúla, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht agus ranna rialtais eile, riarthóirí toghchán, eagraíochtaí sochaí sibhialta, comhpháirtithe acadúla agus grúpaí pobail, as a gcomhoibriú agus a dtacaíocht leanúnach.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le muintir na hÉireann. Braitheann daonlathas sláintiúil ní ar institiúidí amháin ach ar shaoránaigh freisin a bhíonn rannpháirteach, a ghlacann páirt agus a chuireann leis an saol poiblí. Tá Coimisiún Toghcháin tiomanta fós do thacú leis an rannpháirteachas sin agus do shláine ár bpróiseas daonlathach a chosaint do na glúnta atá le teacht.

Agus muid ag féachaint chun cinn, leanfaimid orainn ag tógáil córas toghcháin nua-aimseartha, iontaofa agus ionchuimsitheach a fhreastalaíonn ar gach vótálaí agus a neartaíonn an daonlathas ar fud na hÉireann.

Art O'Leary

An Príomhfheidhmeannach
An Coimisiún Toghcháin

3. Comhaltaí an Choimisiúin



Comhaltaí coimisiúin an Choimisiúin Toghcháin. Ó chlé go deas: Peter Finnegan, Alex Attwood, John Curran, an Breitheamh Onórach Marie Baker, Maura Quinn, Ger Deering, Caroline Fennell.

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an Coimisiún Toghcháin a bunaíodh an 9 Feabhra 2023 ag a bhfuil freagracht as raon leathan d'fheidhmeanna toghcháin a leagtar amach san *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*.

Bíonn ár gcuid oibre dírithe ar ionchuimsitheacht, rannpháirteachas agus rannpháirtíocht a chinntiú i gcóras toghcháin agus daonlathach na hÉireann ionas go mbeidh iontaoibh i gcónaí ag muintir na hÉireann ar fud na tíre inár dtoghcháin agus a dtorthaí.

4. Fís agus Luachanna

Ár gCuspóir

Is é ár gcuspóir an daonlathas in Éirinn a chosaint agus a neartú trí thuiscint, rannpháirteachas agus iontaoibh an phobail sa chóras toghcháin a fhorbairt.

Ár nUaillmhian

Tá Éire ina ceannaire domhanda i sláine, rannpháirteachas agus iontaoibh toghcháin. Tá na leibhéil rannpháirteachais in imeachtaí toghcháin is airde ag muintir na hÉireann, agus aithníonn siad iad mar imeachtaí córa, saora agus neamhchlaonta agus tá meas acu orthu dá réir.

Ár bhFís

Tá iontaoibh as próiseas toghcháin na hÉireann agus meas air mar phróiseas atá cothrom, saor agus neamhchlaonta. Tá muintir na tíre ar an eolas, rannpháirteach agus cumasaithe, as a n-eascaíonn an líon vótálaithe is airde in imeachtaí toghcháin. Trí thuiscint agus rannpháirteachas gníomhach sa daonlathas a fheabhsú, cuireann an Coimisiún Toghcháin in aghaidh na mífhaisnéise agus na bréagaisnéise a d'fhéadfadh drochthionchar a imirt ar an bpróiseas toghcháin agus daonlathach.

Trína chlár nuálacha, chothaigh an Coimisiún Toghcháin formhaoirseacht dhaonlathach in Éirinn, chun leas an phobail.

Ár gCuid Luachanna

Teastaíonn luachanna agus iompraíocht faoi leith chun go mbainfeadh ár n-uaillmhian amach, agus muid ag tabhairt faoinár gcuspóir a chomhlíonadh.

Sainmhíniú ar ár luachanna an chaoi a dtugaimid faoinár gcuid oibre, an chaoi a n-oibrímid mar Choimisiún agus an chaoi a bpléimid le daoine. Creidimid go bhfuil ár gcuid luachanna an-tábhachtach dár gcultúr, agus riachtanach dár bhfeidhmíocht mar eagraíocht.

Tá éiteas láidir seirbhíse poiblí ag an Státseirbhís a léirítear ina croíluachanna: macántacht, neamhchlaontacht,

Ár gCuid Luachanna (ar lean)

comhionannas, trédhearcacht, cothroime agus meas a threoraíonn agus a imríonn tionchar ar an gcaoi a thugann sé faoina ghnó. Bíonn na luachanna sin mar bhonn agus taca ag ár gcur chuige i leith ár gcuspóra.

Cinnteoimid, go háirithe, go mbímid cuntasach inár gcuid oibre. Dá réir sin, beimid freagrach agus trédhearcach agus ár dtiomantais á gcomhlíonadh againn. Is cúinse tábhachtach í cuntasacht chun iontaobh a fhorbairt sa mhéid a dhéanaimid, braistint iontaofachta a chothú agus ár neamhspleáchas a neartú.

Creidimid go bhfuil na luachanna seo a leanas lárnach inár sainordú a bhaint amach freisin.

Neamhspleáchas

Gníomhóimid i gcónaí ar mhaithe le leas an phobail. Táimid ionraic, neamhchlaonta agus neamhspleách. Déanaimid na cinntí deacra, gan eagla gan fabhar.

Sármhaitheas

Déanfaimid gach iarracht gníomhú ar na caighdeáin ghairmiúla is airde sa mhéid a dhéanaimid agus sa chaoi a ndéanaimid iad. Tomhaisfimid ár n-éifeachtacht agus ár dtionchar, idir phearsanta agus eagraíochtúil, agus glacfaimid freagracht as ár ngníomhartha. Bunóimid ár gcinntí ar shonraí agus fianaise atá fóna, iontaofa agus bailí.

Nuálaíocht

Is eagraíocht muid a bhíonn ag amharc chun cinn, ag glacadh go fonnmhar le nuálaíocht chun ár n-uaimhianta a bhaint amach. Bímid seasta ag foghlaim agus ag déanamh iarracht rudaí a dhéanamh níos fearr. Táimid sofhreagrúil agus spleodrach, ag freagairt go réamhghníomhach don domhan thart timpeall orainn.

Comhoibriú

Tá meas againn ar chomhghleacaíocht agus comhoibriú, agus aithnímid gur minice a bhaintear amach na torthaí is fearr i gcomhar le daoine eile.

5. Tosaíochtaí Straitéiseacha



1. Imeachtaí Toghcháin

Formhaoirseacht chríochnúil agus thrédhearcach ar na toghcháin agus reifrinn ar fad atá le rith, ag cinntiú na leibhéal is airde sláine, trédhearcachta agus cothroime chun iontaobh sa phróiseas toghcháin a chothú agus a fheabhsú.



2. Forbairt Cumais agus Inniúlachta

Na daoine cearta san áit cheart ag an am ceart, a bhfuil meas orthu, a dtacaítear leo agus a fhorbraítear in ionad oibre ionchuimsitheach a bhfuil an bonneagar cumasaithe riachtanach mar thaca aige.



3. Oideachas agus Rannpháirteachas Gníomhach

Straitéis a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm atá sainoiriúnaithe chun oideachas a chur ar chách agus feasacht a mhéadú ina measc chun bonn eolais a chur faoi imeachtaí toghcháin agus a bheith rannpháirteach iontu, agus tionchair intomhaiste le brath.



4. Taighde agus Sonraí

Taighde ardchaighdeáin a fhorbairt a mbíonn tionchar aige ar chúrsaí, a spreagann díospóireacht eolach agus as a n-eascraíonn/a chuireann bonn eolais faoi mholtaí claochlaitheacha chun ar gcóras daonlathach a fheabhsú.



5. Formhaoirseacht ar Chláir na dTogthóirí

Sásra tuairiscithe láidir i bhfeidhm a thugann tuiscint shoiléir do Thithe an Oireachtais agus don phobal ar fheidhmiú an Chláir, muintín as a chruinneas agus a iomláine fheabhsaithe.

6. Buaicphointí 2025

Eanáir '25



Vótáil i dtoghcháin an tSeanaid.

Feabhra '25



- Thosaigh an comhairliúchán poiblí ar Straitéis Oideachais agus Rannpháirtíocht an Phobail

Márta '25



- Thosaigh an comhairliúchán poiblí ar phóstaeir thoghcháin, agus fuarthas breis agus 1,100 aighneacht scríofa.

Aibreán '25



- Foilsíodh an chéad Tuarascáil Formhaoirseachta ar Chláir na dToghthóirí in Éirinn agus cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í.

Bealtaine '25



- Foilsíodh sonraí Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais (NEDS) an Olltoghcháin.
- Foilsíodh Athbhreithniú i nDiaidh Imeacht Toghcháin (PEER) an Olltoghcháin agus cuireadh faoi bhráid an Oireachtais é.

Meitheamh '25



- Cuireadh Tuarascáil Bhliantúil faoi bhráid an Oireachtais.
- Foilsíodh PEER Toghcháin an tSeanaid agus cuireadh faoi bhráid an Oireachtais é.

Iúil '25



- Tháinig an Coimisiún i láthair an Choiste Oireachtais um Nithe a Bhaineann le Míchumas agus díródh ar rannpháirteachas sa saol polaitiúil agus poiblí.

Lúnasa '25



- Cuireadh tús le feachtas faisnéise do thoghchán an uachtaráin agus feachtas clárúcháin vótálaithe i gcomhar le comhpháirtíocht Electric Picnic.

Meán Fómhair '25



- Thug taispeántas bóthair don chlárú vótálaithe cuairt ar champais coláistí ar fud na tíre chun mic léinn a spreagadh le clárú agus plean a dhéanamh chun vótáil i dtoghchán an uachtaráin an bhliain sin.
- Chuaigh an Coimisiún i gcion ar an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta le vóta poiblí ar an mias prátaí is fearr le muintir na hÉireann agus gníomhaíochtaí clárúcháin vótálaithe.

Deireadh Fómhair '25



- I bhfeachtas thoghchán an uachtaráin, bhí ról lárnach ag an gCoimisiún i míniú a thabhairt ar na roghanna ar an bpáipéar ballóide roimh an vótáil ar an 24 Deireadh Fómhair. D'fháiltigh an Coimisiún roimh an mborradh suntasach de 91,157 iarratas ó dhaoine le dul ar chlár na dtoghthóirí agus a gcuid sonraí a thabhairt cothrom le dáta le go gcaithfidh siad vóta sa toghchán.

Samhain '25



- D'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil taighde agus a pháipéar moltaí maidir le seoltaí iarrthóirí a chur ar pháipéir bhallóide. D'fhoilsigh an Coimisiún iad faoina chumhacht taighde a dhéanamh ar bheartas agus nós imeachta toghcháin, agus moltaí a dhéanamh don Aire agus don Rialtas bunaithe ar an taighde sin.

Nollaig '25




- Chuaigh an Coimisiún i gcomhpháirtíocht leis an Taispeántas Eolaithe Óga & Teicneolaíochta chun láithreach a bheith aige agus chun urraíocht a dhéanamh ar an gcéad Ghradam Daonlathais agus Toghchán ag an taispeántas i mí Eanáir.

7. Tosaíocht Straitéiseach a hAon – Imeachtaí Toghcháin

Athbhreithnithe i ndiaidh Imeacht Toghcháin

Léarscáil den 385 stáisiún vótála PEER ar tugadh cuairt orthu le haghaidh na PEERanna ar fad.

- Uachtarán
- Ginearálta
- Áitiúil agus Eorpach
- Reifrinn



Mar a bhforáiltear dó faoi alt 68 den *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, féadfaidh an Coimisiún Athbhreithnithe i ndiaidh Imeachtaí Toghcháin (PEERanna) a ullmhú ar riar gach imeachta toghcháin. Caithfear na tuarascálacha sin a fhoilsiú laistigh de sé mhí de lá na vótála agus tuairisc a thabhairt ar an gcúnamh a thug oifigigh toghcháin do vótálaithe faoi mhíchumas.

D'fhoilsigh an Coimisiún an tuarascáil PEER ar Olltoghchán 2024 ar an 29 Bealtaine 2025. D'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil PEER le haghaidh Thoghchán an tSeanaid in 2025 freisin ar an 20 Meitheamh 2025. I bhfianaise ghnéithe ar leith thoghcháin an tSeanaid, ina ndéantar an vótáil ar fad trí phostvótáil, glacadh modheolaíocht agus fócas nua le haghaidh an PEER seo. Thapaíomar an deis cur síos a dhéanamh ar ról agus feidhmeanna an tSeanaid, chomh maith le gnéithe an phróisis toghcháin don Seanad. D'fhreastail foireann an Choimisiúin ar na príomhchéimeanna ar fad de thoghchán 2025 agus bhí teagmháil leanúnach againn leis na cinn chomhairimh ábhartha agus le príomhpháirtithe leasmhara eile i gcaitheamh an toghcháin. Tá moltaí sa dá thuarascáil, agus é d'aidhm leo riar, sláine agus inrochtaineacht an phróisis toghcháin a fheabhsú, bunaithe ar ár mbreathnóireachta.

Thug comhaltaí agus baill foirne an Choimisiúin faoi bhreathnóireacht ag 100 stáisiún vótála ar fud gach contae agus Dáilcheantair ar an 24 Deireadh Fómhair 2025 le haghaidh Thoghchán an Uachtaráin, a d'fhág gurb é 385 an líon iomlán cuairteanna PEER ar stáisiún vótála. Thug na breathnóirí PEER ar fad faoi oiliúint breathnóireachta toghcháin agus oiliúint i bhfeasacht ar mhíchumas agus tugadh seicliosta PEER dóibh bunaithe ar an dea-chleachtas

idirnáisiúnta a bhí le comhlíonadh ag gach stáisiún. Bhíomar i dteannta úsáideoirí seirbhísí Chumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann agus iad ag caitheamh vóta i gContae Dhún na nGall, chomh maith le húsáideoirí seirbhísí Down Syndrome Ireland i gContae Chiarraí.


Ag tógáil ar an modheolaíocht a úsáideadh le haghaidh PEERanna roimhe sin, thugamar cuairt ar chuid de na stáisiún vótála ag a bhfuil an líon toghthóirí is mó sannta dóibh, ceantair ina bhfuil an dlús is airde de chónaitheoirí atá os cionn 80 bliain d'aois, stáisiún vótála a thuairiscigh an pobal dúinn, agus raon stáisiún chun a chinntiú go ndéantar ionadaíocht chuí ar an nGaeltacht, na hoileáin agus ceantair faoi mhíbhuntáiste. Chothaíomar teagmháil rialta le cinn chomhairimh agus oifigigh agus páirtithe leasmhara eile i gcaitheamh na bliana freisin. Foilsíodh an tuarascáil PEER sin i mí Aibreáin 2026, agus sraith moltaí inti.



Feachtais Chumarsáide agus Rannpháirtíocht an Phobail

Léirítear tábhacht na bhfeachtas meán roimh thoghcháin sa Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais (NEDS).

Feasacht ar Thoghchán an Uachtaráin



Chonaic mé nó chuala mé rud éigin faoi ar an teilifís/raidió




Chonaic mé póstaer



Phléigh mé é le cairde agus gaolta



Trí na meáin shóisialta



Léigh mé faoi sna nuachtáin

- 2% Ní raibh aon cheann díobh sin i gceist
- 1% Eile
- 1% Níl a fhios agam

C.9: Roghnaigh na bealaí anseo a leanas ar chuala tú faoi thoghchán an uachtaráin.

Bonn: Gach Freagróir: 1,312

Tagann na tacair sonraí sa Tuarascáil Bhliantúil seo ó Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais (NEDS) faoi Thoghchán an Uachtaráin in 2025.



Clárú Vótálaithe – 2025

Treabhdóireacht, Taisteal & Turais Trastíre

Clárúcháin agus Nuashonruithe ar an gClár



Chuireamar go suntasach le breis agus **91,000** iarratas ar chlárúcháin nua nó nuashonruithe ar chlárúcháin a bhí ann cheana féin lenár gclár imeachtaí campas agus poiblí, lena n-áirítear ár gComhpháirtíocht leis an Electric Picnic i mí Lúnasa agus puball taispeántais ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i mí Mheán Fómhair.

Oideachas agus Feasacht Vótálaithe



4,046 vóta a caitheadh inár mbréagthoghcháin ag an Electric Picnic agus an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, chun an chaoi le vóta a chaitheamh a mhúineadh do dhaoine le dhá fhíseán míniúcháin ar na meáin shóisialta ag míniú an chomhairimh.

Clár cuairteanna ar choláistí agus scoileanna, imeachtaí poiblí agus seimineár gréasáin.

Próifíl Láidir Fógraíochta



Teilifís - Feiceálacht shuntasach margaíochta le roinnt cláir ardphróifíle ar nós The Traitors agus gabháil iomlán deiridh seachtaine ar chlár TG4.



Sóisialta - Os cionn 52M taispeáint ar fud Meta, TikTok agus Snapchat.



Clóite agus Lasmuigh den Teach - Ón 17–24 Deireadh Fómhair, nuashonraíodh taispeántí digiteacha ar fud na tíre gach lá chun an comhairimh síos go dtí lá na vótála a léiriú.

Phróifíl Shuntasach ar na Meáin




79 agallamh náisiúnta agus réigiúnach craolta ar an teilifís, podchraoltaí agus raidió inar díriodh ar chlárú vótálaithe, le raon tuairiscithe sna nuachtáin agus ar líne ar ár ngníomhaíochtaí.



Feachtas Thoghchán an Uachtaráin, 2025

Feachtas i bhfeidhm ón
28 Lúnasa – 24 Deireadh Fómhair:

Feachtas Uachtaráin 3 Chéim



Ar bhFeachtas Fógraíochta – Buaicphointí agus Léargais



189,986 amharc ar ár suíomh gréasáin i rith thréimhse an fheachtais (28 Lúnasa – 25 Deireadh Fómhair).



Bhain cruthaitheoirí inneachair aimsiú lucht féachana agus idirghníomhaíocht amach, go háirithe le neamhleantóirí.



47,525 amharc ar an suíomh gréasáin ar lá na vótála féin & 58,218 idir an 23 agus 25 Deireadh Fómhair.



Ar theilifíseáin nasctha a bhí formhór na n-amharc digiteach.



135,719 úsáideoir uathúil ar an suíomh gréasáin, ar úsáideoirí nua iad **134,000** díobh.



5,634 duine a scan an cód QR ar fhógraí chun lá na vótála a chur lena bhféilirí.




Ba mheabhrúchán éifeachtach físiúil chun vóta a chaitheamh an comhaireamh síos go lá na vótála, idir chlóite agus lasmuigh den teach.




Baineadh amach tairseacha caiteachais reachtúla de 5% den bhuiséad fógraíochta ar na meáin Ghaeilge agus 20% den fhógraíocht iomlán i nGaeilge.

Taispeántí Fógraíochta ar na Meáin Shóisialta



Rannpháirtíocht an Phobail – An Bhliain Is Mó Riamh



Daoine i láthair

1. Baile Átha Cliath

- Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- OT Bhaile Átha Cliath, Gráinseach Ghormáin
- Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- Coláiste Pobail Choill an Rí, Tamhlacht
- Pobalscoil Mhullach Íde

2. Ollscoil Má Nuad

3. Ceardlann le Comhairle/Scoileanna Dhroichead Átha

4. Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan

5. Electric Picnic

6. An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta

7. Baile Átha Luain

- OTS Bhaile Átha Luain
- Comhdháil/Ceardlann Múinteoirí OSSP

8. Gaillimh

- OTA na Gaillimhe
- Ollscoil na Gaillimhe

9. Ollscoil Luimnigh

10. Coláiste na hOllscoile Corcaigh

11. Cumann Chomhaltaí na gComhairlí Contae

Seoladh ábhair

- a. OTA Dhún na nGall
- b. OTA an Chreagáin
- c. OTM Chorcaí



Guthanna na Vótálaithe a Thabhairt chun Cinn

Chuireamar ceathrar vótálaithe éagsúla faoi agallamh agus mhínigh siad cén fáth a bhfuil vótáil tábhachtach dóibh.

Baineadh úsáid as na físeáin sin sna cúig lá dheireanacha den fheachtas ar fud ár gcainéal meán sóisialta mar ghlaó chun gnímh chun daoine a spreagadh chun dul amach agus a vóta a úsáid.

An Coimisiún Toghcháin @ElecCommIRL Oct 24, 2025 ...


Get out and vote today and don't let others speak for you!

We spoke to Martin, a student at @dalcdublin, about what voting means to him.

Polling stations are open until 10pm tonight 🗳️

More info: electoralcommission.ie

@dalcvote @nalairland



It's amazing the difference it made for me that I could vote.

An Coimisiún Toghcháin @ElecCommIRL Oct 23, 2025 ...

"I always believe if you're not in you can't win and you can't have your say"

Charlene, DP for Education at @ATUSUGalwayMayo is encouraging students and young people to have their say tomorrow in the Presidential Election 🗳️

Polling stations open tomorrow from 7am - 10pm 🗳️



I know who I'm voting for.

Mheall ár sraith Guthanna Vótálaithe

132,567 amharc

sa tseachtain dheireanach den fheachtas

An Coimisiún Toghcháin @ElecCommIRL Oct 22, 2025 ...

Popping in to vote while your wife is in the early stage of labour? Meet Karl.

Cabinet maker, part-time farmer, and fireman 🚒

Karl spoke to us about what voting means to him and making the time to vote on polling day

The Presidential Election is this

Friday, October 24 🗳️



I was heading over, and on the way over, I decided I'd pop in and vote.

An Coimisiún Toghcháin @ElecCommIRL Oct 23, 2025 ...

"It's something I've wanted to do for so long and I'm very excited"

Louisa, a student at @uniofgalway, will be voting for the very first time in tomorrow's Presidential Election 🗳️

Polling stations open tomorrow

7am - 10pm 🗳️

@UniOfGalwaySU @nycinews @issu4u



vote because it is your right

Rannpháirtíocht sna Meáin

79

Agallamh leis na Meáin

Réamhghníomhach

Dhá chéim agallamh

► 28 Lún go 7 DF

Feachtas sna meáin faoi chlárú.

► 13 DF go 24 DF

Feachtas sna meáin chun vótálaithe a mhealladh amach.

Freagrúil

Físeáin míniúcháin agus podchraoltaí faoin bpáipéar ballóide le The Irish Times, RTÉ, Newstalk agus TheJournal.ie i measc meáin eile.

Freagraí ar cheisteanna agus iarratais ó na meáin i gcaitheamh an fheachtais.

Tacaíocht ó na meáin don ullmhú don tuairisciú ar an gcomhaireamh agus na torthaí.



47

agallamh
ar raidió
réigiúnach




28

agallamh
ar na meáin
náisiúnta



4


agallamh
ar na meáin
Ghaeilge



Rannpháirtíocht sna Meáin Shóisialta


Clár d'ábhar tráthúil agus tarraingteach ar fud:

- ▶ Grafaic statach.
- ▶ Ábhar físeáin.
- ▶ Treoir go hábhar fíriciúil faoi thoghcháin.
- ▶ Meabhrúcháin faoi spriocdhátaí, agus riachtanais vótála.












8. Tosaíocht Straitéiseach a Dó – Forbairt Cumais agus Inniúlachta

Cuimsíonn struchtúr eagraíochta an Choimisiúin Toghcháin cathaoirleach, ceathrar gnáthchomhaltaí agus beirt chomhaltaí ex-officio, Cléireach na Dála agus an tOmbudsman. Foráiltear san *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* do Phríomhfheidhmeannach atá freagrach as bainistíocht éifeachtach agus éifeachtúil an Choimisiúin mar eagraíocht, agus comhlíonadh éifeachtach agus éifeachtúil fheidhmeanna toghcháin an Choimisiúin.




Buaicphointí 2025

-  Thosaigh 14 bhall foirne nua eile leis an gCoimisiún in 2025, rud a léirigh méadú 42% ar an bhfoireann agus a thug an líon iomlán foirne go 40. Baineadh é sin amach trí phleanáil don lucht saothair, trí bhearnaí scileanna a aithint agus trí phoist thábhachtacha a líonadh go tráthúil trí bhealaí éagsúla.
-  Aistríodh go NSSO mar eintiteas ar leith.
-  Glacadh seilbh ar spás oibre breise chun freastal ar an lucht saothair a bhí ag fás.
-  Baineadh úsáid leanúnach ar gCeadúnas CPSA féin le haghaidh poist thábhachtacha.
-  Líonadh folúntais bhuana trí Shoghluaisteacht, rud a laghdaíonn an baol go gcaillfí príomhscileanna san eagraíocht trí líon na foirne ar iasacht a laghdú.
-  D'fhreagair an fhoireann beagnach 900 glaoch agus ríomhphost ón bpobal ar fud na heagraíochta.
-  Earcaíodh Ceannasaí Dlí agus rinneadh planáil ina dhiaidh sin d'earcaíocht san Aonad Dlí le haghaidh saineolas speisialaithe inmheánach sa dlí toghcháin.
-  Bunaíodh an Coiste Sláinte agus Sábháilteachta, agus níor tuairiscíodh aon saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta in 2025.
-  Bhí suim mhór leanúnach inár gclár intéirneachta agus fuarthas go leor iarratas ó mhic léinn Mháistreachta chumasacha in DCU/UCC – cláraíodh ceathrar intéirneach in 2025.

Foghlaim agus Forbairt (F&F)

- ✓ Bhí rannpháirtíocht leanúnach foirne ann, le breis agus 160 lá tiomanta d'Fhoghlaim agus Forbairt in 2025.
- ✓ Caitheadh 3.5% den bhuiséad tuarastail ar F&F. Tháinig méadú suntasach bliain ar bhliain ó €44k in 2024 go €95K in 2025.
- ✓ Bhí réimse cúrsaí ann, ó oiliúint a bhain go sonrach leis an eagraíocht, go hoiliúint a bhain go sonrach le gráid agus go réimsí sonracha forbartha gairmiúla leanúnaí; i measc na mbuaicphointí bhí intleacht shaorga, cibearshlándáil, soláthar agus feasacht ar chosaint sonraí.
- ✓ Chríochnaigh seachtar ball foirne Ard-Diplóma Óstaí an Rí i nDlí Toghcháin agus Polaitíocht, agus rinne naonúr ball foirne eile iarratas chun páirt a ghlacadh ann in 2026.
- ✓ Bhí tiomantas leanúnach ann d'fholláine na bhfostaithe agus cultúr cúraim agus tacaíochta a chruthú trí PMDS agus Lón agus Foghlaim na foirne.
- ✓ Leanadh le béim F&F ar oiliúint do PEER le Feasacht ar Mhíchumas.
- ✓ Rinneadh oiliúint d'Oifigigh Ceannais a leathadh amach roimh Thoghchán an Uachtaráin.

Laethanta Oiliúna 2025 de réir Ráithe



Cúrsaí a Chuir an Fhoireann i gCrích in 2025


- Clár Céimithe do Cheannairí Éiritheacha
- Ceannaireacht ar Straitéis agus ar Fhorghníomhú AIS
- Feasacht IS agus Gníomh IS.
- Pleanáil Straitéiseach do Cheannairí na hEarnála Poiblí
- Ard-Diplóma i nDlí Toghcháin agus Polaitíocht
- Teastas i dTeicnící Párolla
- Diplóma Professional Academy i gCeannaireacht & Bainistíocht
- Cosaint Sonraí do Bhainisteoirí AD
- Teastas i Soláthar Poiblí
- Cumais Lárnacha d'Oifigigh Ardfeidhmíochta
- Oiliúint i bhFeasacht ar Mhíchumas
- Oiliúint i Néareagsúlacht san Ionad Oibre
- Oiliúint d'Oifigeach Inrochtaineachta
- Oiliúint i bhFreastal Réasúnta
- Oiliúint i gCleachtas Earcaíochta Ionchuimsitheacha do Dhaoine faoi Mhíchumas
- Oiliúint in Amharcóirí
- Oiliúint i dTaiscéalaithe
- Máistir-rang faoin Intleacht Shaorga
- Oiliúint ar Mhaoir Dóiteáin
- Comhdháil Bhliantúil Óstaí an Rí
- Comhdháil don Athbhreithniú Bliantúil ar Dhlí Fostaíochta
- Buntreoir do ArcGIS Pro do Núiosaigh GIS
- Diplóma san Intleacht Shaorga don Ghnó le UCD Professional Academy

Cúrsaí a Chuir an Fhoireann i gCrích in 2025 (ar lean)

- Cumais Lárnacha d'Oifigigh Feidhmíochta
- Comhdháil um Thairiscint agus Soláthar san Earnáil Phoiblí
- Oiliúint ar Líne d'Oifigigh Ceannais
- Oiliúint i bhFeasacht ar Mhíchumas i dToghcháin
- Nochtuithe Cosanta a Bhainistiú
- Ríomhchlárú Sonraí le R
- Oiliúint i Léirshamhlú Sonraí
- Gaeilge – Téarma an Earraigh
- Scéalaíocht don Uastionchar Ceannaireachta
- Promhadh a Bhainistiú
- Buntreoir don Léirshamhlú Sonraí
- Buntreoir don Anailís ar Shonraí
- Bainistíocht Tionscadal Phraiticiúil (Leibhéal 2)
- Buntreoir do Cháipéisí Státseirbhíse a Scríobh
- Cumarsáid agus Rannpháirtíocht do Bhainisteoirí Daoine
- Feasacht ar an gCibearshlándáil
- Scileanna Scríbhneoireachta Gairmiúla
- Scileanna Gairmiúla Gutháin - Leibhéal 1
- Ardscileanna Gutháin - Leibhéal 2
- Ag Labhairt le Soiléireacht agus le Muinín
- Gaeilge – Téarma an Fhómhair 2025 – Meánrang B2

Cultúr & Rannpháirtíocht

Suirbhé Foirne – 2025

**Téamaí:****Ceangailteacht**

Tá 88% eolach go maith nó go han-mhaith ar ár spriocanna, ár misean agus ár luachanna.

**Obair chumaisc**

Creideann 92% go bhfuil spriocanna na heagraíochta á mbaint amach acu.

**Comhoibriú**

Tá tacaíocht láidir do chomhoibriú ar fud na heagraíochta.


**Cultúr**

Oscailteacht, dearfacht, fócas ar ghnóthachtáil, braistint láidir comh-iarrachta agus timpeallacht chomhoibríoch.


9. Tosaíocht Straitéiseach a Trí – Oideachas agus Rannpháirteachas Gníomhach

Léiríonn sonraí a bailíodh i Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais Thoghchán an Uachtaráin meon i phobail i leith rannpháirteachais sa pholaitíocht mar seo a leanas. Chuir sé sin le forbairt Straitéis Oideachais agus Rannpháirtíocht an Phobail dár gcuid.


Rannpháirteachas sa Pholaitíocht



Go ginearálta, is féidir le cé dóibh a vótáilann daoine tionchar a imirt ar a dtarlaíonn



Mothaíonn tú go dtuigeann tú na saincheisteanna polaitiúla is tábhachtaí sa tír seo



Tá muinín agat as do chumas féin páirt a ghlacadh sa pholaitíocht



C.17: Sonraigh a mhéad a n-aontaíonn tú nó a n-easaontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas: Bonn: Gach Freagróir: 1,312; 1% nó níos lú gan lipéad



Straitéis Oideachais agus Rannpháirtíocht an Phobail a Fhorbairt

Leanadh le Straitéis Oideachais agus Rannpháirtíocht an Phobail a fhorbairt in 2025. Fuarthas **os cionn 400 aighneacht** mar chuid de chomhairliúchán poiblí ar an straitéis.

Seoladh meithleacha do Straitéis Oideachais agus Rannpháirtíocht an Phobail in 2025.

Ba iad na grúpaí sin:

- Oideachas Foirmiúil
- Grúpaí Aosach agus Pobail
- Grúpaí a mBíonn Constaicí sa Bhealach Orthu
- An Gnáthphobal

Reáchtáladh **os cionn 60 cruinniú le páirtithe leasmhara** i gcaitheamh 2025.



Aimsigh Mo Dháilcheantar

Forbraíodh Léarscáil nua ‘Aimsigh Mo Dháilcheantar’ forbartha chun Dáilcheantair, Toghlimistéir Áitiúla agus Toghligh do Pharlaimint na hEorpa a chur ar fáil.

Tá sé ar fáil le húsáid ar electoralcommission.ie

Cén toghcheantar ina gcónaím?

Olltoghchán

Na Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha


Cén Dáilcheantar ina gcónaím?

Úsáid an uirlis chuardaigh seo chun a fháil amach cén Dáilcheantar ina gcónaíonn tú.


Tá cúpla bealach ann chun an cuardach sin a dhéanamh:

- “Cuir seoladh nó Eircode” sa bhosca aibhsithe thuas.
- “Úsáid mo shuíomh” thíos (má tá na seirbhísí suímh cumasaithe ar do ghléas).
- Clíceáil ar an léarscáil féin ar dheis chun na Dáilcheantair a fhiosrú.

Taispeánfar teorainn an Dáilcheantair, a ainm, agus líon na suíochán do Dháil Éireann atá ar fáil ann sna torthaí.



An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission



Úsáid mo shuíomh

© Tailte Éireann

Powered by [Esri](#)

Rannpháirtíochtaí Scoile

Imeacht réamhchlárúcháin i gcomhar le Comhairle Contae Lú agus scoileanna atá lonnaithe i nDroichead Átha.

Imeacht oideachasúil ar mhórsála i gcomhar le Coláiste na hOllscoile Corcaigh agus roinnt bunscoileanna i gCorcaigh.

Tugadh cuairt ar sheacht mbunscoil agus meánscoil ar fud na hÉireann i rith 2025, le sraith cur i láthair agus bréagthoghchán, ag múineadh do scoláirí faoi thábhacht na vótála, an chaoi le clárú agus an chaoi le vóta a chaitheamh.



Rannpháirtíocht an Phobail – Inrochtana, Faisnéiseach agus Barántúil

Forbairt Acmhainní Inrochtana:

- ▶ Forbraíodh ábhar don suíomh gréasáin ElectoralCommission.ie.
- ▶ Léiríodh físeán oideachais ‘An chaoi a dToghtar an tUachtarán’ chun an próiseas comhairimh a mhíniú.
- ▶ Cuireadh Treoir Éasca le Léamh faoi Thoghchán an Uachtaráin i dtoll a chéile, a cruthaíodh chun próiseas thoghchán an uachtaráin a mhíniú do dhaoine ar gach leibhéal litearthachta.
- ▶ Scaipeadh acmhainní nuashonraithe i bpríosúin na hÉireann, ag spreagadh príosúnach chun clárú, a n-incháilitheacht a sheiceáil agus vóta a chaitheamh.



10. Tosaíocht Straitéiseach a Ceathair – Taighde

In 2025, chuir an Coimisiún tús le réimse leathan tionscadail taighde agus rinne dul chun cinn orthu i gcomhréir leis na tosaíochtaí agus na snáitheanna téamacha atá inár gClár Taighde, a foilsíodh in 2024¹.

Chuir Foireann Taighde an Choimisiúin tuarascáil taighde i gcrích ina ndéantar meastóireacht ar an gcleachtas reatha maidir le seoltaí iarrthóirí a thaispeáint ar an bpáipéar ballóide agus ar fhorálacha reachtacha gaolmhara. Foilsíodh í sin ar an 20 Samhain 2025 i dteannta mholtaí an Choimisiúin a d'eascair as na torthaí.



Coimisiúnaíodh taighde ar phóstaeir toghcháin in 2025 agus rinne an Coimisiún próiseas comhairliúcháin phoiblí ar leithligh, a fuair 1,104 aighneacht.

Tá taighde déanta ag Foireann Taighde an Choimisiúin chun tagarmharcáil a dhéanamh ar leibhéal reatha rannpháirteachais agus rannpháirtíochta sa daonlathas i gcás grúpaí déimeagrafacha nó socheacnamaíocha áirithe a tugadh le fios atá faoi ghannionadaíocht agus/nó nach bhfuil chomh rannpháirteach céanna sa chóras daonlathach. Is iad na haidhmeanna cabhrú le bearnaí suntasacha san eolas a aithint faoi na míniúcháin ar rannpháirteachas i dtoghcháin in Éirinn agus treoir a thabhairt do thosaíochtaí taighde amach anseo.

Mar chomhlánú ar an méid thuas, choimisiúnaigh an Coimisiún anailís ar struchtúr geografach na sonraí faoin líon vótálaithe in 2025.

Coimisiúnaíodh tuarascáil taighde ar an ábhar maidir le haois vótála a laghdú in 2025. Díritear go sonrath leis sin ar iniúchadh a dhéanamh ar na himpleachtaí a bhaineann le haois vótála a íslíú ar rannpháirtíocht toghcháin agus dhaonlathach vótálaithe níos óige anois agus sa todhchaí i gcomparáid leis an status quo a choinneáil.

¹ Foráiltear don Choimisiún faoi alt 64 den Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022 taighde a dhéanamh ar bheartas agus nós imeachta toghcháin, agus moltaí a dhéanamh don Aire agus don Rialtas bunaithe ar an taighde sin.

In 2025, rinne an Coimisiún obair ullmhúcháin freisin chun taighde a choimisiúnú ar an bhféidearthacht a bhainfeadh le postvótáil agus vótáil roimh ré a leathnú in Éirinn, agus ar na tionchair a bheadh aige sin.

Comhpháirtíochtaí Taighde

In 2025, chuir an Coimisiún a chéad chomhpháirtíocht taighde le Taighde Éireann ar bhonn foirmiúil trí Ghlaó Taighde New Foundations. Glacadh le dhá iarratas, a dhíríonn ar rannpháirtíocht dhaonlathach a chothú i measc pobal a bhfuil bacainní orthu agus easpa rannpháirtíochta iontu, agus tá tús curtha le taighde.

Rinne an Coimisiún agus Taighde Éireann dul chun cinn freisin ar Chomhaltacht Seirbhíse Poiblí ar thopaic rannpháirtíochta na hóige.

Chomh maith leis sin in 2025, chomhoibrigh an Coimisiún leis an Lár-Oifig Staidrimh ag cur ceisteanna le Suirbhé Iontaoibhe na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD), rud a chothóidh tuiscint ar na naisc idir rannpháirteachas i dtoghcháin, iontaobh as institiúidí agus raon athróg eile.

Tá athbhreithniú ar mhaoiniú polaitiúil in Éirinn agus ar an Acht Toghcháin, 1997 (arna leasú) ar siúl. Tá an Coimisiún Toghcháin an-eolach ar an tírdhreach atá ag athrú go tapa i réimse an daonlathais, go háirithe i dtaobh forbairtí idirnáisiúnta sa teicneolaíocht agus san intleacht

shaorga. Is tionscnamh idirnáisiúnta ríthábhachtach í an Sciath Eorpach don Daonlathas a chuirfear san áireamh in aon athchóirithe nua toghcháin in Éirinn. Tá an Coimisiún Toghcháin ag scrúdú go cúramach impleachtaí Straitéis an AE don tSochaí Shibhialta a fógraíodh le déanaí, mar aon leis an Ollchlár Digiteach, agus cinnteoidh sé go mbeidh ailíniú idir aidhmeanna foriomlána na Scéithe agus aidhmeanna aon réimis airgeadais pholaitiúil athnuaite in Éirinn. Anuas air sin, beidh ár ról rialála i bhfógraíocht pholaitiúil a cuireadh i bhfeidhm le gairid ina threoir úsáideach maidir le dea-chleachtas rialála.

Tá tús áite tugtha ag an gCoimisiún freisin do scaipeadh a thaighde agus do rannpháirteachas i líonraí taighde agus i gcomhdhálacha. Rinne taighdeoirí de chuid an Choimisiúin cur i láthair ag Comhdháil Bhliantúil Political Studies Association of Ireland (PSAI) i nGaillimh i mí Dheireadh Fómhair 2025 ag seisiún tiomnaithe. D'fhreastail baill eile den fhoireann taighde ar an gcomhdháil bhliantúil Elections, Public Opinion and Perceptions (EPOP) i Learpholl i mí Mheán Fómhair 2025.

Tá saineolaithe acadúla, ball idirnáisiúnta agus ionadaithe ó ghrúpaí nach sroictear i gceart ar ár nGrúpa Comhairleach Taighde, a tháinig le chéile faoi dhó in 2025. Tá a gcuid léargas agus aiseolais tar éis bonn eolais a chur faoi fhorbairt roinnt de na tionscadail agus na tionscnaimh taighde thuasluaite.

Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais

Is é an Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais (NEDS) an phríomh-mhír i gClár Taighde an Choimisiúin. Tá sraith ceistanna in NEDS a léiríonn feidhmeanna an Choimisiúin, ceistanna faoi thaithí vótálaithe, clárú vótálaithe, oideachas vótálaithe agus rannpháirtíocht vótálaithe ina measc. Áirítear ann freisin ceistanna a bhíonn le feiceáil i staidéir toghcháin idirnáisiúnta go coitianta, chun rannpháirtíocht na hÉireann i staidéir chomparáideacha thrasnáisiúnta a éascú. Foilsíodh torthaí NEDS an Olltoghcháin ar an 19 Bealtaine 2025. Tá na tacair sonraí mhionsonraithe ar fáil mar fhoinse oscailte agus go poiblí. Go dtí deireadh 2025, bhí tacair sonraí NEDS iarrtha breis agus 66 uair ag acadóirí, páirtithe polaitíochta, agus an pobal taighde níos leithne. Luadh sonraí NEDS i raon leathan tionscadail taighde in Éirinn agus go hidirnáisiúnta freisin.

Rinne an Coimisiún comóradh ar fhoilsiú shonraí NEDS an Olltoghcháin trí ócáid chomhairliúcháin a reáchtáil ar an 22 Bealtaine 2025. D'fhreastail breis agus 60 páirtí leasmhar ó réimse na hacadúlachta, na sochaí sibhialta, eagraíochtaí beartais agus taighdeoirí ó ranna agus gníomhaireachtaí rialtais ar an ócáid sin. Chomh maith le cur i láthair agus plé ar phríomhghnéithe shonraí NEDS, iarradh tuairimí ar threo thionscadal NEDS amach anseo, NEDS i dtréimhsí neamhthoghcháin ina measc.



Ar chomhairle Bhord Bainistíochta NEDS², atá sa phictiúr thuas, choimisiúnaigh an Coimisiún staidéar painéil do Thoghchán an Uachtaráin ina raibh trí bhabhta i dtréimhsí ar leith de thréimhse fheachtas an toghcháin. Ba nuálaíocht úrnua é sin don NEDS agus cumasaíonn sé anailís a dhéanamh ar athruithe i gcaitheamh an toghcháin seachas ag pointe ama amháin.

Rinneadh suirbhéanna trí phainéal ar líne IPSOS B&A ar shampla ionadaíoch go náisiúnta. San iomlán, ghlac 1,773 freagróir páirt sa staidéar seo, agus chríochnaigh 1,312 díobh na trí bhabhta. Ligeann sé sin anailís a dhéanamh ar athruithe ar a ndearcthaí, a n-eolas agus a dtuairimí le linn an fheachtais.

Ba neamhvótálaithe thart ar 26% den sampla (n=410), rud a thugann faisnéis luachmhar don Choimisiún faoin gchórt seo den toghlach agus a chuirfidh bonn eolais faoi thaighde, rannpháirtíocht an phobail agus oideachas amach anseo. Nuálaíocht eile de chuid NEDS Thoghcháin an Uachtaráin ná na ceistanna ón bpobal acadúil níos leithne a roghnaíodh trí ghlaó taighde oscailte.

Foilsíodh torthaí NEDS Thoghcháin an Uachtaráin ar an 5 Márta 2026 ar shuíomh gréasáin nua NEDS.ie.

² Comhdhéanta de chúigear de phríomh-shaineolaithe toghcháin na hÉireann, an Dr Rory Costello, an tOllamh Johan Dornschneider-Elkink, an tOllamh Gail McElroy, an tOllamh Theresa Reidy & an tOllamh Jane Suiter. Tá comhalta idirnáisiúnta ann freisin, an tOllamh Georg Lutz.

11. Tosaíocht Straitéiseach a Cúig – Formhaoirseacht ar Chláir na dToghthóirí

Tá formhaoirseacht ar chláir na dtoghthóirí ina phríomhfheidhm de chuid an Choimisiúin Toghcháin.

Cé go bhfuil na húdaráis áitiúla freagrach as bainistíocht agus cothabháil chláir na dtoghthóirí, is féidir leis an gCoimisiún tabhairt faoi raon gníomhaíochtaí chun tacú lena feidhm formhaoirseachta. Féadfaidh an Coimisiún taighde a dhéanamh i dtaobh:

- cruinneas agus iomláine chláir na dtoghthóirí;
- cothabháil chláir na dtoghthóirí;
- na próisis a bhaineann le tiomsú, cothabháil agus feidhmiú chláir na dtoghthóirí. Éilítear ar an gCoimisiún freisin tuarascáil a fhoilsiú agus a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais ina leagtar amach:
 - aon taighde a rinneadh ar chláir na dtoghthóirí;
 - measúnú an Choimisiúin ar stádas agus feidhmiú chlár na dtoghthóirí; agus
 - aon mholtaí a mheasann don Rialtas nó na húdaráis áitiúla chun sláine chlár na dtoghthóirí agus an phróisis clárúcháin a chothabháil agus a fheabhsú.

Cuireann gach údarás áitiúil clár toghthóirí i dtoll a chéile le haghaidh imeachtaí toghcháin difriúla.

Taispeántar sa tábla thíos na toghthóirí incháilithe i ngach imeacht toghcháin. Chun go mbeidh tú in ann vóta a chaitheamh in aon imeacht toghcháin, ní mór duit a bheith i do chónaí in Éirinn, os cionn 18 mbliana d'aois agus cláraithe le vótáil.

Catagóir	Áitiúil	Dáil	Eorpach	Uachtarán agus Reifreann
Saoránaigh Éireannacha	✓	✓	✓	✓
Saoránaigh Bhriotanacha	✓	✓	✗	✗
Comhshaoránaigh Bhriotanacha agus AE (gan Éire)	✓	✓	✓	✗
Saoránaigh AE	✓	✗	✓	✗
Saoránaigh neamh-AE	✓	✗	✗	✗
Eile	✓	✗	✗	✗

Ar an 1 Bealtaine 2025, foilsíodh an chéad Tuarascáil Formhaoirseachta ar Chláir na dToghthóirí in Éirinn ina raibh anailís mhionsonraithe ar gach ceann den 31 clár toghthóirí atá á mbainistiú ag na húdaráis áitiúla. Leagadh amach sa Tuarascáil sraith moltaí freisin chun cruinneas na gclár a fheabhsú roimh an gcéad timhriall toghcháin eile. I rith an dara leath de 2025, rinneadh dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm roinnt de na príomh-mholtaí atá leagtha amach thíos.



Céim 1

Dul chun cinn ar thionscadal Chóras Clárúcháin Toghcháin an Rialtais Áitiúil



Céim 2

Iniúchtaí Cruinnis – ag tosú in 2026



Céim 3

Feachtas náisiúnta chun iontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó a bhaint agus taifeadadh sonraí do gach toghthóir ar an mbunachar sonraí a mhéadú




Céim 4

Caighdeáin chruinnis fheabhsaithe á socrú

Gníomhaíochtaí eile a rinneadh in 2025:

- ✓ Tionóladh 18 gcrúinniú i rith 2025 le páirtithe leasmhara tábhachtacha chun plé a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le gnéithe éagsúla de nuachóiriú na gclár. I measc na bpáirtithe leasmhara bhí Foireann agus Bord Thionscadal Clár Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (Córas Clárúcháin Toghcháin an Rialtais Áitiúil/LGERS), an Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach (CCMA), an Coimisinéir Cosanta Sonraí agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.
- ✓ Tionóladh cruinnithe in R4 2025 le 18 bhfoireann Toghchórais chun a n-aiseolas a lorg faoi Thoghchán an Uachtaráin agus chun ceisteanna clár a phlé go ginearálta
- ✓ Cuireadh tús leis na hullmhúcháin ar an Tuarascáil Formhaoirseachta ar Chlár Toghthóirí an tSeanaid atá beartaithe do 2026.

Treochtaí comhcheangailte chlár na dtoghthóirí




Léiríonn an Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais na sonraí seo a leanas maidir leis an gcaoi ar chláraigh vótálaithe le vótáil ar Chlár na dToghthóirí agus a dtaithí ar an bpróiseas.



Rochtain ar Chlárú Vótálaithe

- Tairseach clárúcháin ar líne (CheckTheRegister.ie, Voter.ie)
- Sheol foirm chlárúcháin chuig m'Údarás Áitiúil



C.48 Cén chaoi ar chláraigh tú le vótáil?
Bonn: Gach duine a chláraigh le vótáil den chéad uair le bliain anuas: 76. Fainic, méid boinn íseal, níos lú ná 100.

Taithí ar Chlárú

Taithí ar chlárú le vótáil den chéad uair le bliain anuas



- **An-éasca** – simplí, gan aon fhadhbanna – eispéireas an-dearfach
- **Éasca** – roinnt deacrachtaí – eispéireas dearfach ar an iomlán
- **Deacair** – roinnt deacrachtaí – eispéireas diúltach ar an iomlán
- **An-deacair** – go leor deacrachtaí – eispéireas an-diúltach

C.49 Cén cineál taithí a bhí agat ar chlárú le vótáil?
Bonn: Gach duine a chláraigh le vótáil den chéad uair le bliain anuas: 76
D'fhéadfadh gurb é 99%/101% suim na ré-uimhreacha is gaire mar gheall ar shlánú
*Fainic, méid boinn íseal, níos lú ná 100. 1% nó níos lú gan lipéad.

12. Sláine Toghcháin

In éagmais aon chumhachtaí rialála foirmiúla a thabhairt i bhfeidhm maidir le cur isteach ar thoghcháin ar líne agus mífhaisnéis agus bréagaisnéis, táimid tar éis leas a bhaint as ár bhfeidhm cumarsáide chun tacú le sláine ár bpróiseas toghchán trí fhaisnéis ardchaighdeán agus iontaofa a sholáthar ar fud réimse leathan asraonta agus ardán, ag spreagadh daoine chun clárú le vótáil agus ag insint dóibh cá háit, cathain agus conas vótáil.

I gcaitheamh 2025, lean an Coimisiún lena rannpháirtíocht le saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta i réimse na sláine toghcháin. Lean an Coimisiún de bheith ag déanamh ionadaíochta ar Éirinn ar an Lónra Comhair Eorpach um Thoghcháin a tháinig le chéile seacht n-uaire in 2025. Ghlac an Coimisiún páirt in dhá Ghrúpa Oibre freisin, ceann amháin ar Intleacht Shaorga i bPróisis Toghcháin agus ceann eile ar Shláine Toghcháin.

Lean an Coimisiún de bheith rannpháirteach in oiliúint leis an Lárionad Eorpach um Chur i gCoinne Bagairtí Hibrideacha in 2025 freisin. Leanaimid orainn ag idirghníomhú le Córas Mear-Rabhaidh na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí, a ceapadh chun comhroinnt léargas a bhaineann le bagairtí ar thoghcháin, lena n-áirítear cur isteach ar thoghcháin ar líne agus lonramháil agus Cur Isteach Eachtrach ar Fhaisnéis (FIMI), a éascú agus chun bonn eolais a chur faoi fhreagairtí comhordaithe féideartha.



I rith fheachtas Thoghchán an Uachtaráin, bhaineamar úsáid as ár rochtain ar Chainéil Tuairiscithe Ábhair ardán na meán sóisialta chun físeán domhainbhrionnaithe a bhaint a raibh an cumas aige tionchar a imirt ar phróiseas Thoghchán an Uachtaráin. Bhí an Coimisiún i láthair an Chomhchoiste um Intleacht Shaorga chun plé a dhéanamh ar ár bhfreagairt ar an eachtra sin.



Ghlac foireann an Choimisiúin páirt freisin i misin breathnóireachta toghcháin chuig an Moldóiv agus an Eastóin mar bhealach chun taithí agus dea-chleachtais a mhalartú, agus chun dul i mbun idirphlé maidir le sláine toghcháin agus athléimneacht dhaonlathach.



Tá an Coimisiún ina chathaoirleach ar an Lónra Comhair Náisiúnta um Thoghcháin in Éirinn, agus cuireann an rúnaíocht ar fáil dó, mar a mhol an Coimisiún Eorpach in 2018. Tháinig an grúpa sin le chéile faoi dhó in 2025.



Baineadh úsáid arís i rith fheachtas Thoghchán an Uachtaráin as feachtas Lá na nAmadán, a mhol do dhaoine an smaointeoireacht chriticiúil chéanna a úsáideann siad chun cleasa Lá na nAmadán a sheachaint a úsáid chun dul i ngleic le faisnéis bhréagach faoi thoghcháin.

Fógraíocht Pholaitiúil

I mí Dheireadh Fómhair 2025, tháinig Rialachán nua an Aontais Eorpaigh maidir le Trédhearcacht agus Spriocdhírú na Fógraíochta Polaitiúla (TTPA) i bhfeidhm. Cuireann sé sin oibleagáidí nua ar ghníomhaithe polaitiúla, ar fhoilsitheoirí agus ar aon duine a bhíonn ag gabháil d'fhógraíocht pholaitiúil. Éilíonn sé go n-aithneofar go sonrach na fógraí mar fhógraí polaitiúla, agus go soláthrófar faisnéis maidir leis an gcaoi a n-íoctar as fógraí mar aon le bunús na gcistí. Tá freagrachtaí freisin ar Choimisiún na Meán agus ar an gCoimisiún um Chosaint Sonraí faoi TTPA, ach is é an Coimisiún an Pointe Teagmhála Náisiúnta ag leibhéal an AE don rialachán. Chuir an Coimisiún tús leis an obair chun comhordú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm TTPA leis na comhlachtaí sin in 2025, mar aon le prótacail inmheánacha a fhorbairt. Freastalaíonn foireann an Choimisiúin ar chruinnithe rialta le hoifig Choimisiún an AE atá freagrach as fógraíocht pholaitiúil chomh maith le hidirchaidreamh le Ballstáit AE eile.

Cuireann an beart seo ón AE leis an léargas níos leithne ar formhaoirseacht toghchán, ar thrédhearcacht agus ar shláine atá i gcroílár obair an Choimisiúin. Mar gheall ar an rialachán seo, tá vótálaithe i dteideal anois, de réir réamhshocrú, a fháil amach cé atá ag iarraidh tionchar a imirt ar an tírdhreach polaitiúil.

13. Clár na bPáirtithe Polaitíochta

Clárú na bPáirtithe Polaitíochta

Trí Chlár na bPáirtithe Polaitíochta (an Clár) a ullmhú agus a chothabháil, comhlíonann an Cláraitheoir sraith dualgais reachtúla faoi Ailt 41–55 den *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*. Ó bunaíodh an Coimisiún i mí Feabhra 2023, is cuid leanúnach agus atá ag éirí níos casta dá chuid oibre é an clár a ullmhú agus a chothabháil. Tá ceisteanna dlí nua tarraingthe anuas ag cásanna sonracha atá le breithniú ag an gCláraitheoir agus tá leithdháileadh suntasach acmhainní riaracháin i gceist leo.

Bíonn ualach oibre an chlár faoi stiúir an éilimh. Féadfaidh daoine iarratas a dhéanamh ag am ar bith den bhliain chun páirtí polaitíochta nua a chlárú, agus féadfaidh páirtithe polaitíochta cláraithe iarratas a dhéanamh ag am ar bith ar a sonraí a leasú nó a gclárú a chealú. Bíonn méadú de ghnáth ar líon na n-iarratas roimh imeachtaí toghcháin.

Cur chuige i leith iarratais agus achomhairc a phróiseáil

Déantar athbhreithniú ar gach iarratas chun páirtí a chlárú nó a shonraí a leasú i gcoinne na gcritéar clárúcháin atá leagtha amach san *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*. Athraíonn an fad ama a thógann sé iarratas a phróiseáil agus d'fhéadfadh sé sin a bheith ag brath ar an leibhéal rannpháirtíochta ón bpáirtí iarrthach agus ar cháilíocht na faisnéise a chuirtear ar fáil. D'fhéadfadh go mbeadh ar an gCláraitheoir dul i dteagmháil leis an bpáirtí iarrthach nó le hoifigigh údaraithe chun faisnéis atá ar iarraidh a fháil nó chun gnéithe den iarratas a shoiléiriú.

D'fhéadfadh sé go dtógfadh sé idir 4–12 sheachtain ar an meán chun iarratas chun páirtí polaitiúil nua a chlárú a phróiseáil. D'fhéadfadh sé go dtógfadh sé thart ar 8 seachtaine ar an meán chun iarratas ó pháirtí chun sonraí clárúcháin amhail a ainm nó a shuaitheantas a athrú, nó chun a chlárú a chealú. I gcás ina dtarlaíonn díospóidí inmheánacha idir páirtithe, is féidir moill shuntasach a chur ar an bpróiseas, go háirithe i gcás nach bhfuil cinntí páirtí taifeadta go soiléir.

Nuair a bheidh iarratas ar chlárú nó ar leasú an chlár próiseáilte, foilseofar cinneadh an Chláraitheora san Iris Oifigiúil. Cuireann sé sin tús le tréimhse achomhairc reachtúil 21 lá. I gcás ina gceadaítear iarratas, mura ndéantar aon achomharc, tagann cinneadh an Chláraitheora i bhfeidhm. Cuirtear an t-iarratasóir ar an eolas faoin toradh, agus cuirtear an páirtí nua leis an gclár, nó déantar leasú ar a shonraí sa chlár. Nuair a dhéantar achomharc, cuirtear an cheist ar aghaidh chuig an mBord lena breithniú.

Céimeanna a Bhaineann le Iarratais Dhifriúla

Páirtí Nua a Chlárú (4–12 sheachtain)

- 1 Cuirtear iarratas isteach
- 2 Déantar athbhreithniú tosaigh (*an tAcht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*)
- 3 Déantar comhairliúchán inmheánach (an Ceannasaí Oibríochtaí Toghcháin agus Aonaid Dlí de réir mar is gá)
- 4 Déantar comhairliúchán seachtrach (Iarratasóir chun tuilleadh eolais nó soiléiriú a fháil)
- 5 Déanann an Cláraitheoir cinneadh
- 6 Cuireann fógra a fhoilsítear san Iris Oifigiúil tús le tréimhse achomhairc 21 lá

Clárú a Leasú nó a Chealú (thart ar 8 seachtaine)

- 1 Déantar athbhreithniú tosaigh
- 2 Déantar comhairliúchán
- 3 Iarrtar faisnéis bhreise
- 4 Déantar cinneadh
- 5 Cuireann fógra a fhoilsítear san Iris Oifigiúil tús le tréimhse achomhairc 21 lá

Achomharc chuig an gCoimisiún (thart ar 6 mhí)

- 1 Eisítear cinneadh an Chláraitheora
- 2 Taisctear achomharc (21 lá).
- 3 Déanann an Bord Achomharc breithniú agus cinneadh (Athbhreithniú neamhspleách nach mbíonn an Cláraitheoir páirteach ann)
- 4 Déanann an Bord cinneadh.

Uimhreacha ó Chlár na bPáirtithe Polaitíochta

- ▶ Mar a bhí i gceist ag deireadh 2024, d'fhan 30 páirtí cláraithe ag deireadh 2025.
- ▶ D'fhoilsigh an Coimisiún cinneadh achomhairc amháin a bhain le The National Party - An Páirtí Náisiúnta ar an 19 Meán Fómhair 2025. Ba é sin an dara cinneadh achomhairc ó bunaíodh an Coimisiún.
- ▶ Fuarthas 10 gceist faoi pháirtí polaitíochta nua a chlárú nó faoin bpróiseas clárúcháin; bhain ceann amháin le hathrú ar shuaitheantas an pháirtí.
- ▶ I rith 2025, níor cláraíodh aon pháirtí nua, agus níor athraigh aon pháirtí a ainm.



14. Rannpháirtíocht agus Comhar Idirnáisiúnta

Poblacht na Moldóive

D'fhreastail foireann an Choimisiúin Toghcháin ar chomhdháil na hInstitiúide Idirnáisiúnta um Dhaonlathas agus Cúnamh Toghchánach (IDEA) sa Mholdóiv i mí Iúil 2025 dar teideal 'Airgead sa Pholaitíocht,' agus thug siad cur i láthair ag an gcomhdháil sin. Tugann an chomhdháil sin comhlachtaí bainistíochta toghcháin, eagraíochtaí neamhrialtasacha, eagraíochtaí idir-rialtasacha, saineolaithe acadúla agus gníomhaithe polaitiúla le chéile chun plé a dhéanamh ar mhonatóireacht a dhéanamh ar mhaoiniú polaitiúil agus ar shláine toghcháin a chosaint sa ré dhigiteach. Ba thráthúil an chomhdháil, agus í ar bun idir toghchán uachtaráin na Moldóive i mí na Samhna 2024 a raibh a-iomaíocht ann agus toghcháin pharlaiminteacha na Moldóive i mí Mheán Fómhair 2025. Thug an malartú léargas uathúil phearsanta ar na teactic agus na straitéisí a úsáideann an Rúis chun cur isteach ar phróisis dhaonlathacha in Oirthear na hEorpa. Cinntíonn an chomhroinnt faisnéise sin go bhfuil feasacht i bhfad níos fearr ar fud na hEorpa ar an gcaoi le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin dá leithéid agus cuireann sé go díreach le hobair an Choimisiúin Toghcháin.

IDEA Idirnáisiúnta

D'eagraigh IDEA Idirnáisiúnta cuairt chomhairliúcháin údarais na hÚcráine maidir le Vótáil Lasmuigh den Tír i mí na Nollag 2025.

Ghlac an Coimisiún páirt freisin i gComhdháil Stócólm ar Shláine Toghcháin i mí an Mheithimh 2025 a thug saineolaithe agus cleachtóirí toghcháin ó bhreis agus 40 tír le chéile chun comhar domhanda a chothú

maidir le sláine toghcháin agus idirphlé beartais idir comhlachtaí bainistíochta toghcháin.

An Lárionad Eorpach um Chur i gCoinne Bagairtí Hibrídeacha

I mí na Nollag 2025, d'fhreastail baill foirne ar imeacht a d'eagraigh an Lárionad Eorpach um Chur i gCoinne Bagairtí Hibrídeacha i Heilsincí, agus rinne siad cur i láthair ann. Phléigh an chomhdháil sin cosaint toghchán ar chur isteach eachtrach. Ghlac 60 cleachtóir bainistíochta toghcháin ó bhreis agus 23 stát páirt inti. Ba dheis thábhachtach eile í sin chun leas a bhaint as scileanna agus eispéiris rithábhachtacha i gcosaint an daonlathais agus iad a roinnt.

An Eagraíocht um Shláindáil agus Comhar san Eoraip (OSCE) agus an Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine (ODIHR)

I mí na Samhna 2025, tugadh cuireadh don Choimisiún Toghcháin cur le seimineár ar 'Fheachtais Toghcháin sa Timpeallacht ar Líne', arna eagrú ag OSCE agus ODIHR. Thug an seimineár sin comhlachtaí bainistíochta toghcháin, saineolaithe toghcháin, an tionscal, an tsochaí shibhialta agus toscairí OSCE le chéile chun plé a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil teacht chun cinn uirlisí agus ardán digiteach tar éis an bealach a mbíonn gníomhaithe polaitiúla ag plé le vótálaithe, ag scaipeadh faisnéise agus ag spreagadh tacaíochta a athrú. Chabhraigh an ócáid sin le comhroinnt faisnéise ar bhealach tairbheach agus cinntíonn sé go bhfuil an Coimisiún Toghcháin ar an eolas faoi na rioscaí atá ag teacht chun cinn do phróisis toghcháin san Eoraip.

15. Rialachas agus Comhlíonadh

Rialachas Corparáideach

Tá Creat Rialachais Chorporáidigh i bhfeidhm ag an gCoimisiún ina leagtar amach an chaoi a rialaítear é agus ina dtuairiscítear na struchtúir, na beartais agus na próisis atá i bhfeidhm chun gur féidir leis an gCoimisiún a oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh.

Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

De réir ár n-oibleagáidí faoi alt 42 den *Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014*, thugamar aird chuí ar Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine trína gceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí an comhionannas a chur chun cinn, an t-idirdhealú a chosc agus cearta an duine agus an comhionannas a chosaint don fhoireann agus d'úsáideoirí seirbhíse i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna. Leanaimid ag obair chun a chinntiú go gcothaíonn an Coimisiún cultúr ionchuimsitheach, atá fréamhaithe i ndínit agus meas agus fite fuaite inár mbeartais eagraíochta agus oibríochtaí laethúla.

Míchumas

Tá an Coimisiún tiomanta d'fhoireann faoi mhíchumas a fhostú agus tacú leo. Faoi *Acht um Míchumas, 2005*, éilítear ar chomhlachtaí poiblí tuairisciú ar an líon foirne faoi mhíchumas a fhostaíonn siad. In 2024, thuairiscigh 7.5% de na fostaíthe míchumas ag úsáid an tsainmhínithe ar mhíchumas mar a shainmhínítear san *Acht um Míchumas, 2005*.

Pleanáil ghnó

Éilítear ar gach aonad sa Choimisiún plean gnó a chur i dtoll a chéile gach bliain ina leagtar amach na príomhthorthaí a bhainfear amach i gcaitheamh na bliana. Athbhreithníonn an Fhoireann Bainistíochta na pleananna go rialta agus tugtar nuashonruithe foirmiúla ar an dul chun cinn don fhoireann ar fad go rialta freisin.

Maoiniú

Maoinítear an Coimisiún Toghcháin leis an bPríomh-Chiste trí vóta Dháil Éireann. Tugtar Vóta 23 ar ár Vóta agus tugadh €11,618,000 le haghaidh 2025. Is é Príomhfheidhmeannach an Choimisiúin Toghcháin an tOifigeach Cuntasaíochta don Vóta. Ceanglaítear ar an Oifigeach Cuntasaíochta an Cuntas Leithreasa a ullmhú gach bliain don Vóta, agus é a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. D'fhéadfaí a iarraidh ar an Oifigeach Cuntasaíochta teacht os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí sa Dáil ansin chun fianaise a thabhairt faoin gCuntas. Cuireadh an Cuntas Leithreasa don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025 faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ar dháta éilithe níos túsce an 10 Márta 2026.


Cosaint sonraí

Aithníonn an Coimisiún an gá atá le caitheamh le sonraí pearsanta ar bhealach cuí dleathach. Táimid tiomanta do chomhlíonadh ár n-oibleagáidí chuige sin agus i leith na sonraí pearsanta ar fad. Forbraíodh ár mBeartas Cosanta Sonraí chun sainmhíniú a thabhairt ar mar a dhéanfaimid sonraí pearsanta a bhailiú, a bhainistiú agus a phróiseáil. Cabhróidh cloí leis an mbeartas seo lena chinntiú go gcosnaítear “cearta agus saoirsí” daoine nádúrtha agus a chinntiú go bpróiseáiltear sonraí pearsanta ar bhealach a chomhlíonann an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS).

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Le hAlt 8 den *Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014* ceanglaítear ar an gCoimisiún a oiread faisnéise agus is féidir a ullmhú agus a fhoilsiú ar bhealach oscailte agus inrochtana mar ghnáthnós taobh amuigh de shaoráil faisnéise, ag féachaint do phrionsabail na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na cuntasachta.

Líon na gCinntí Saorála Faisnéise in 2025



Iomlán: 23

Cineálacha Iarratas

Iriseoir:	1
Duine den Phobal/Eile:	21
Páirtí Polaitíochta:	1

Íocaíochtaí prasa

Comhlíonann an Coimisiún an tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002. In 2025, rinneadh 680 íocaíocht laistigh de 15 lá, rinneadh deich n-íocaíocht laistigh de 15–30 lá, agus rinneadh íocaíocht amháin lasmuigh de 30 lá. Foilsítear Tuairisceáin Prasíocaíochta an Choimisiúin ar ár suíomh gréasáin.

An Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide

Bunaíodh an Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide (CAF) chun cúnamh agus tacaíocht airgeadais a sholáthar do thionscadail a chabhróidh le hÉirinn a spriocanna aeráide agus fuinnimh a bhaint amach. Ríomhadh an íocaíocht a bhí dlite trí úsáid a bhaint as Áireamhán Astaíochtaí Carbóin na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta chun an méid seo a leanas a oibriú amach: Líon iomlán na gciliméadar a taistealaíodh trí eitiltí 83,871 Tonna CO2 infheidhme 11.5427 Bliain/Tagairt 2024 – CAF904 Méid atá á íoc €701.23.

Leagtar amach i gCiorclán 01/2020, Procedures for Offsetting the Emissions Associated with Official Air Travel, réasúnaíocht íocaíocht 2024 leis an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide ag an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil. Bunaítear an ríomh ar na hastaíochtaí measta a bhain le gach eitilt tráchtála a thóg oifigigh in 2024.

Forléargas ar úsáid fuinnimh

I gcomhar le hIonstraim Reachtúil 426 de 2014: Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éifeachtúlacht Fuinnimh) 2014, éilítear ar gach comhlacht san earnáil phoiblí tuairisc bhliantúil a thabhairt ar an bhfuinneamh a úsáideann sé agus ar aon ghníomh a rinneadh chun a ídiú fuinnimh a laghdú. Bhog an Coimisiún go hoifigí nua i gCaisleán Bhaile Átha Cliath go mall in 2023. Dheisigh an OPW an foirgneamh chun é a dhéanamh oiriúnach mar chóiríocht oifige. Ba é b'aidhm leis an tionscadal sin foirgneamh a bhíodh in úsáid mar beairic i gCaisleán Bhaile Átha Cliath a chaomhnú agus a uasghrádú, chun é a úsáid mar oifigí, agus meas ag an am céanna ar an tsuntasacht oidhreachta. Gné thábhachtach de sin ab ea an fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú agus ba é B1 an BER a baineadh amach i ndiaidh na n-oibreacha, rud a thagann le spriocanna an Phlean Náisiúnta Forbartha le haghaidh fhoirgnimh na hearnála poiblí.

Tuarascáil faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021

Faoi alt 4b d'Acht na dTeangacha Oifigiúla arna leasú, tuairiscímid ar chomhlíonadh ár n-oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021. Ceapadh duine d'Fhoireann Ardbhainistíochta an Choimisiúin chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus chun tuairisciú ar ár n-oibleagáidí faoin Acht. Tugadh freagra i nGaeilge ar gach cumarsáid i scríbhinn a fuarthas i nGaeilge, agus má theastaigh ó

dhuine den phobal a ngnó a dhéanamh i nGaeilge ar an nguthán, bhí ball foirne ar fáil chun a leithéid de sheirbhís a chur ar fáil nuair ba ghá.

Bhí ábhar eolais agus príomhfhoilseacháin ar fáil ar ár suíomh gréasáin i nGaeilge, agus cuireadh urlabhraí ar fáil i gcaitheamh na bliana a thug faoi agallaimh Ghaeilge ar an teilifís agus raidió. Is cuid ríthábhachtach dár gcuid oibre é soláthar ár n-inneachair i nGaeilge agus leanaimid ag cloí leis na ceanglais a leagtar amach in Achtanna na dTeangacha Oifigiúla.

Nochtadh cosanta

Éilítear ar an gCoimisiún faoi alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir le líon na n-imeachtaí nocht chosanta a rinneadh leis an bhliain roimhe sin, agus an gníomh a rinneadh mar fhreagra ar aon nochtadh cosanta dá leithéid. Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta leis an gCoimisiún in 2025.

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Bhunaigh an Coimisiún Toghcháin an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca chun dearbhú neamhspleách a sholáthar ar leordhóthanacht agus éifeachtacht na socruithe rialachais, ina measc tuairisciú airgeadais, rialuithe inmheánacha, bainistíocht riosca agus luach ar airgead. Is iad comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca:

Comhalta Coiste	Cruinnithe ar ar Freastalaíodh
Cyril Maybury, An Cathaoirleach*	3 as 3
Ken Owens, An Cathaoirleach (Nollaig)**	1 as 1
Kieran Coughlan	4 as 4
Louise Jevens	2 as 4
Maura Quinn	4 as 4
Tom Ward	4 as 4

*Tháinig deireadh le téarma Cyril Maybury mar Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca i mí Mheán Fómhair 2025.

**Ceapadh Ken Owens mar Chathaoirleach ar an gCoiste agus d'fhreastail sé ar a chéad chruinniú ar an 8 Nollaig 2025.

Faisnéis Airgeadais – 2025

Caiteachas	Soláthar sna Meastacháin 2025	Toradh Sealadach 2025	Toradh 2024
	€000	€000	€000
Tuarastail, pána agus liúntais	4,000	3,129	2,466
Taisteal agus cothabháil	220	72	72
Oiliúint agus forbairt	250	112	47
Seirbhísí oibríochta, soláthairtí agus trealamh éagsúil	125	182	156
Speansais infheistíochta caipitiúla digití agus TF	675	313	281
Speansais áitribh	630	124	113
Athbhreithnithe ar bheartais, seirbhísí sainchomhairleoireachta agus taighde	1,000	435	343
Taighde, oideachas agus rannpháirtíocht an phobail	4,695	3,036	3,768
Feidhm reifreann	-	-	2,862
Speansais an Choimisiúin	204	197	138
Leithreasaí i gcabhair	(181)	(141)	(108)
Glancaiteachas	11,618	7,459	10,138

Soláthar Foirne agus Luach Saothair

	2025	2024
An líon foirne ag deireadh na bliana	40	30

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Bíonn an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an gCoimisiún Toghcháin.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil agus na ndualgas eile a bhaineann le ról an Oifigigh Cuntasaíochta. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi shíor-athbhreithniú.

Seirbhísí comhroinnte

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna ar bhonn seirbhísí comhroinnte. Tá Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte freagrach as oibriú na rialuithe laistigh de na hIonaid Seirbhísí Comhroinnte.

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte próiseas iniúchta i bhfeidhm chun dearbhú neamhspleách a sholáthar ar fheidhmiú na rialuithe laistigh de na seirbhísí comhroinnte. Is meascán de na nithe seo a leanas an dearbhú sin:

- Obair iniúcháireachta inmheánaí a dhéanann Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, agus
- Iniúchtaí a dhéanann gnólacht cuntasóirí de réir an Chaighdeáin Idirnáisiúnta ar Dhearbhuithe Iontaofachta (ISAE 2402) a ceapadh chun tuairisciú do ranna úsáideoirí agus a n-iniúcháirí faoi na rialuithe laistigh de na seirbhísí comhroinnte. Tuairiscítear sna hiniúchtaí sin ar éifeachtacht na rialuithe a cuireadh i bhfeidhm in 2025.
- Tá litir dearbhaithe tugtha ag an Oifigeach Cuntasaíochta do sheirbhísí comhroinnte d'Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin maidir leis na socruithe rialaithe inmheánaigh agus iniúcháireachta inmheánaí agus tuarascálacha ar na hiniúchtaí ar oibriú na rialuithe i rith 2025.
- Glacann Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin dearbhú ón gcóras rialaithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte mar a thuairiscigh an tOifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte dó.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Bhí timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a raibh na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh gnáthaimh fhoirmiúla do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí.
- Cuireann Coiste Iniúchóireachta agus Riosca comhairle ar an Oifigeach Cuntasaíochta faoina fhreagrachtaí a chomhlíonadh maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó de réir mar a forbraíodh iad, tá na próisis taifeadta atá fágtha fós á bhforbairt.
- Bhí córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

- Bhí creatlach nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta.
- Bhí córas buiséadaithe iomchuí le buiséad bliantúil ann a mbíodh an fhoireann ardbhainistíochta á athbhreithniú.
- Rinne an fhoireann ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Bhí córas bainistíochta rioscaí i bhfeidhm laistigh den Choimisiún.
- Bhí córais ann a bhí dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Bhí treoirínte cuí ann faoi rialú infheistíochta chaipitil agus disciplíní foirmiúla bainistithe tionscadail.

Iniúchóireacht Inmheánach

Bunaíodh an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí ar an 2 Deireadh Fómhair 2023 agus dréachtaíodh an plean iniúchóireachta le haghaidh 2024–2026, a ndearna an tOifigeach Cuntasaíochta agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú air. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfiosraítear tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí. Tá athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm agus rinneadh é don bhliain 2025.

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an gCoimisiún Toghcháin. Is é ról an Choiste formhaoirseacht a dhéanamh ar an gCoimisiún agus ar an bPríomhfheidhmeannach/Oifigeach Cuntasaíochta, comhairle a chur orthu agus tacú leo trí athbhreithniú a dhéanamh ar dhearbhuíthe ar raon ábhar, ina measc sláine na rialuithe airgeadais inmheánaigh, na bainistíochta riosca agus na ráiteas airgeadais. Déanann sé clár oibre bliantúil na hiniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú agus a fhaomhadh freisin.

Soláthar

Cinntíonn an Coimisiún go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas soláthair i mbronnadh na gconarthaí ar fad agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloítear leis na treoirínte ábhartha ar fad.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Chomhlíon an Coimisiún na treoirínte seachas conradh amháin sa bhreis ar €25,000 (gan CBL) dar luach €150,000 (gan CBL) san iomlán mar a leagtar amach thíos. Live Nation Ireland Holdings LTD – An t-aon soláthraí le haghaidh eagrú imeachtaí do Electric Picnic. Áiríodh an conradh thuasluaite i dtuairisceán bliantúil 40/2002 thuasluaite.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta rioscaí curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún lena sonraítear agus lena dtuairiscítear rioscaí buntábhachtacha agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena saináithnítear na príomhrioscaí a d'fhéadfadh a bheith le sárú ag an oifig seo agus sonraíodh, measadh agus grádaíodh iad sin de réir a shuntasáil is bhíonn siad. Déanann an Fhoireann Bainistíochta athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár gach ráithe. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí go leibhéal inghlactha.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomhartha ceartúcháin a dhéanamh agus don Fhoireann Bainistíochta agus don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, i gcás gurb ábhartha, go tráthúil, suas go dtí aon cheisteanna a thagann chun cinn a ghéarú go cuí, agus sin san áireamh. Sainaithníodh na príomhrioscaí agus na rialuithe lena mbaineann agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnamh a sainaithníodh a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistiú agus rialú rioscaí. Cuireann an lucht ardbhainistíochta taobh istigh den Choimisiún atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú an Choimisiúin ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais, agus cuireann obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha bonn eolais faoi.

Ceisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais in 2025 a raibh cailteanas ábhartha mar thoradh orthu, nó a bhféadfadh go mbeadh cailteanas ábhartha mar thoradh orthu.

Cruinnithe Coimisiúin agus Freastal

Taispeántar sa tábla anseo thíos an líon gnáthchruinnithe a reáchtáil an Coimisiún idir mí Eanáir agus mí na Nollag 2025, agus an líon cruinnithe ar fhreastail gach comhalta orthu.

Comhalta	Cruinnithe ar ar Freastalaíodh
An Breitheamh Onórach Marie Baker (An Cathaoirleach)	7 as 7
Alex Attwood	7 as 7
John Curran	6 as 7
Ger Deering	7 as 7
An tOllamh Caroline Fennell	7 as 7
Peter Finnegan	5 as 7*
Maura Quinn	7 as 7

Dátaí Cruinnithe an Choimisiúin

13 Feabhra, 10 Aibreán, 5 Meitheamh (Peter Finnegan agus John Curran), 10 Iúil (Peter Finnegan), 11 Meán Fómhair, 9 Deireadh Fómhair agus 11 Nollaig.

Ní áirítear leis seo líon na gcruinnithe a reáchtáil an Coimisiún chun déileáil le hachomhairc i gcoinne chinntí Chláraitheoir na bPáirtithe Polaitíochta.

* D'éirigh Peter Finnegan as a phost mar Chléireach na Dála i rith 2025.

Comhaltaí an Choimisiúin

Táillí agus Speansais

Tugtar breac-chuntas sa tábla seo a leanas ar na Táillí agus na híocaíochtaí Taistil agus Cothabhála a íocadh le gach comhalta Coimisiúin i leith 2025.

Comhalta	Táillí	T&C
An Breitheamh Onórach Marie Baker (An Cathaoirleach)	€111,970	€100
Alex Attwood	€11,970	€3,588
John Curran	€11,970	€524
Maura Quinn	€11,970	€2,863
An tOllamh Caroline Fennell	€11,970	€1,868
Peter Finnegan	€0.00*	€0.00
Ger Deering	€0.00*	€0.00

* De réir an phrionsabail 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin', níl fostaí sa tseirbhís phoiblí atá fostaíthe faoi láthair i dteideal luach saothair a fháil i bhfoirm táillí boird, seachas i gcásanna dá bhforáiltear go reachtúil m.sh. Oibrí-Stiúrthóirí. Chuige sin, níor íocadh aon táillí in 2025 le Ger Deering ná Peter Finnegan.